Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2018**

## (Marcanna Iomlána: 300)

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| H1: | 270 - 300 |
| H2: | 240 - 269 |
| H3: | 210 - 239 |
| H4: | 180 - 209 |
| H5: | 150 - 179 |
| H6: | 120 - 149 |
| H7: | 90 - 119 |
| H8: | 0 - 89 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

## Scéim Mharcála na hArdteistiméireachta – Spáinnis – Cluastuiscint – Ardleibhéal 2018

**1. Anuncio – EL MUNDO MÁGICO DE HARRY POTTER**

**(2+2) + 3 + (2+2) marc = 11 mharc**

a. **Dhá** cheann díobh seo: beidh sé i Maidrid idir an 18 Samhain agus an 28 Eanáir
cruthaíodh in 2009 é
bhí rath air (i gcathracha) ar fud an domhain **(2+2m)**

b. **Dhá** cheann díobh seo: (na céadta) rud, créatúr agus culaith (1 + 1m)
a úsáideadh sna scannáin (1m) **(3m)**

c. (i) Ba cheart duit ticéad a cheannach chomh luath agus is féidir
(ii) Is é Maidrid an t-aon chathair amháin sa Spáinn ina mbeidh an taispeántas le feiceáil. **(2+2m)**

**2. Diálogo – ENTREVISTA CON UN SUPER PROFESOR**

**2+ (2+2) + 2 + 2 mharc = 10 marc**

a. Tá sé ar dhuine den chaoga iarrthóir [1m] ar an nGradam Domhanda do Mhúinteoirí/
Duais Nobel do mhúinteoirí [1m] **(2m)**

b. **Dhá** cheann díobh seo: ceapann sé go bhfuil níos mó i gceist (leis an oideachas) seachas fíricí a fhoghlaim/
níl tábhacht le téacsleabhair/
b'fhearr leis go n-úsáideann na daltaí a gcuid samhlaíochta.
**(2+2m)**

c. **Ceann amháin** díobh seo: ba cheart do thuismitheoirí sult a bhaint as a leanaí, dar leis/
ní bhíonn deis acu a bheith ina leanaí
(má líonaimid an iarnóin le hobair bhaile) **(2m)**

d. **Ceann amháin** díobh seo: ba cheart (dúinn/dó) tosú i scoileanna
ba cheart tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí a chuimsiú ann **(2m)**

**3. Diálogo – ENTREVISTA CON LA ACTRIZ ESPAÑOLA, ELSA PATAKY**

**(2+2) + 3 + 4 + 3 mharc = 14 mharc**

a. Iriseoireacht i rith an lae, drámaíocht (ranganna drámaíochta) san oíche **(2+2m)**

b. Chanaidís na hamhráin (gach lá) [2m] agus iad ag dul ar scoil [1m] **(3m)**

c. (An) dúlra (san Astráil), (go mór mór) na feithidí, na damháin alla agus na nathracha **(4m)**

d. Tá (beagán) imní uirthi nach bhfuil Spáinnis ag na gasúir go fóill **(3m)**

**4. Descriptivo – LA RED SOCIAL DE INSTAGRAM**

**3 + (2+2) + 4 + (2+2) marc = 15 mharc**

a. (i) Tá 200 milliún úsáideoir ar fud an domhain ag Instagram [1m]

(ii) Tá sé ar an líonra sóisialta is mó i measc daoine óga sa Spáinn [2m] **(3m)**

b. **Dhá cheann** díobh seo: grianghraif a ghlacadh de gach rud a fheiceann siad,
grianghraif a ghlacadh de gach a dtarlaíonn dóibh
é a chomhroinnt (ar an bpointe lena gcairde) **(2+2m)**

c. Na peileadóirí is fearr leo, na hamhránaithe is fearr leo
agus (fiú) daoine nach bhfuil aithne acu orthu ach a bhfuil spéis acu sna rudaí céanna leo **(4m)**

d. (i) (An tionchar diúltach féideartha ar) féinmheas

(ii) (Baol) bulaíochta **(2+2m)**

**5. Descriptivo – IBIZA, EL DESTINO PERFECTO PARA DESPUÉS DE LAS VACACIONES**

**(1+1) + 4 + (1+1) + (1+1) marc = 10 marc**

a. (i) Beidh sé ar leathphraghas, (ii) ní bheidh aon strus/bhrú ann **(1+1m)**

b. Is gá dóibh seomraí óstáin a chur in áirithe trí ghníomhaireachtaí ar leith a dhéanann speisialtóireacht i dturais do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois / do mhionaoisigh
[ní féidir leo seomra óstáin a chur in áirithe = 2m] **(4m)**

c. (i) Siopaí cuimhneacháin (ii) siopaí ceardaíochta **(1+1m)**

d. **Dhá cheann** díobh seo: cosnaíonn sé idir 40 agus 60 euro,
níl deochanna san áireamh
(d'fhéadfaí go mbeadh) costas deich euro ar bhuidéal uisce. **(1+1m)**

**6. El Tiempo**

**2 + (2+2) + (2+2) marc = 10 marc**

a. Roinnt ceathanna báistí i gceantair shléibhe **(2m)**

b. D'fhéadfadh an teocht a bheith chomh hard le 40 céim [2m]
rud atá nádúrtha (go maith) don tráth seo (bliana) [2m] **(2+2m)**

c. (i) Beidh sé grianmhar agus ní bheidh scamall sa spéir (ar maidin)
(ii) (B'fhéidir go mbeadh) scamaill ísle (san iarnóin / um thráthnóna) **(2+2m)**

**7. Una Noticia – 'DESPACITO' Y JUSTIN BIEBER**

**3 + 3 +2 + 2 mharc = 10 marc**

a. Ba é an chéad amhrán Spáinnise le fiche bliain a bhain uimhir 1 amach **(3m)**

b. Bhí sé in Bogotá/sa Cholóim, tar éis a cheolchoirme ag dioscó/club oíche **(3m)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: d'aimsigh sé stiúideo taifeadta, thaifead sé a phíosa féin agus sheol sé é (chuig Fonsi ar an bpointe boise) **(2m)**

d. Go raibh spéis ag ceoltóir mór / réalta domhanda ar nós Justin Bieber canadh sa Spáinnis **(2m)**

**11+10+14+15+10+10+10 = 80 marc**

**1. (a) Litríocht Dualgais – *Sin noticias de Gurb*** **(50 marc)**

**C. 1** **3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) *apago* **(3m)**
(b*) mutuamente* **(3m)**
(c) *de nuevo* **(3m)**

**C. 2** **3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) …ní éiríonn liom néal codlata a fháil… **(3m)**
(b) …ní bhaineann sé linn… **(3m)**
(c) …tá sé in am imeacht… **(3m)**

**C. 3** **4 + 3 + 3 = 10 marc**
**Aon 3 cinn** díobh seo:

- Cairéid
- Prátaí
- Cabáiste
- Cainneanna
- Soilire
- Eite sicín
- Cnámh mairteola **(4+3+3m)**

**C. 4** **4 + 3 + 3 = 10 marc**
**Aon 3 cinn** díobh seo:

- folmhaíonn sé buidéil chumhráin sa doirteal
- líonann sé iad (na buidéil chumhráin) le haigéad sulfarach
- tarraingíonn sé croiméil ar phictiúir
- líonann sé an cuisneoir le feithidí
- greamaíonn sé smaois ar na cuirtíní
- déanann sé bromanna a thaifeadadh ar an ngléas taifeadta/ar an nglórphost
- cuireann sé muc san fholcadán.

**(4+3+3m)**

**C. 5** **4 + 4 + 4 = 12 mharc ar 3 phointe ábhartha ar bith.**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta** **(50 marc)**

**MASCOTAS Y DUEÑOS COMPARTEN LA OBESIDAD**

**C. 1** **4 + 4 + 4 + 4 + 4** = 20 marc

(a) Roinneann daoine a gcuid beatha le peataí (2m) (mar shampla)
**dhá cheann** díobh seo: arán (píosa aráin), uibheagán nó sicín (le gur féidir leo é a bhlaiseadh freisin) **(4m)**

(b) (in go leor cásanna) is le daoine an-ramhar na peataí an-ramhar.
[Tá an murtall (ráta murtaill) i ndaoine cosúil leis an ráta/murtall i bpeataí = 2m] **(4m)**

.

(c) Cuir lámha ar na heasnacha agus ar an dromlach. **(4m)**

(d) **Dhá cheann** díobh seo:
glacann úinéirí freagracht níos mó as sláinte a n-ainmhithe.
téigh ag siúl ar feadh leathuair an chloig (sa pháirc nó ar an tsráid) gach lá.
téigh amach faoin tuath/chuig coill ag an deireadh seachtaine. **(2+2m)**

(e) **Dhá cheann** díobh seo:
peata a bheathú ag am ar leith gach lá (mar shampla nuair a dhúisíonn an peata).
cuir deireadh leis an nós bia a thabhairt don pheata nuair a shuíonn an teaghlach síos le béile a ithe.
tabhair an peata chuig an tréidlia uair sa bhliain. **(2+2m)**

**C. 2** **4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) *llama la atención/ señala* **(4m)**
(b) *un barrio madrileño* **(4m)**
(c) *veinte por ciento* **(4m)**

**C. 3** **4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) … slí mhaireachtála neamhghníomhach agus aiste bia easnamhach … **(4m)**
(b) … rud a dhéanann (é / an fhadhb) níos measa… **(4m)**
(c) Meastar go bhfuil ainmhí níos troime ná mar is iondúil… **(4m)**

**C.4** **(6 mharc)**

[Is féidir marc ar bith ó 0 go 6 a bhronnadh ar an gceist seo]

**2.** **(a)** agus **(b) 2 + 2 + (3+3) + 2 + (2+1+1) + (2+2) = 20**

**(a) CIRCO SIN ANIMALES SALVAJES.** **(10 marc)**

(i) Gan ainmhithe fiáine a úsáid ina seónna (**2m)**

(ii) Ionas gur féidir leo a dheimhniú nach bhfuil aon ghalar orthu **(2m)**

(iii) (a) Béim bhreise ar ainmhithe clóis amhail madraí/capaillíní
(b) **Trí cinn** díobh seo: gníomhartha traidisiúnta / (amhail) gleacaithe / luascairí / fir ghrinn. **(3+3m)**

**(b) EL HOMBRE MÁS ANCIANO DEL MUNDO.** **(10 marc)**

(i) Bhain sé aois 112 bhliain amach agus tá sé ar an bhfear is sine ar domhan **(2m)**

(ii) **Trí cinn** díobh seo:
feirmeoir a bhí ann
duine umhal
saol ciúin (a chaitheamh)
nósanna an-docht. **(2+1+1m)**

(iii) Súil a choinneáil ar an iarnród (tríd an tsráidbhaile) / é a chosaint (2m),
ionas nach bhféadfaí buamaí a chur ann (2m). **(2+2m)**

**ROINN B**

**LA FAMILIA ZAPP** **(100 marc)**

**C. 1** **3 mharc × 5 = 15 mharc**

(a*) coche de época* **(3m)**
(b) *actualmente/ ahora* **(3m)**
(c) *por lo menos* **(3m)**
(d) *recorrer* **(3m)**
(e) *costar* **(3m)**

**C. 2** **5 mharc × 3 = 15 mharc**

(a) … níorbh fhéidir leo (an lánúin) éirí as an taisteal. **(5m)**
(b) … ach admhaím nár shamhlaigh mé riamh leanaí a bheith agam ar an aistear. **(5m)**
(c) … chinn siad deireadh a chur lena n-eachtra. **(5m)**

**C. 3** **1 mharc × 5 = 5 mharc**

Ní thugtar marcanna as focail bhreise.
(a) *dejaron* **(1m)**
(b) *distintos* **(1m)**
(c) *considera* **(1m)**
(d) *emprender* **(1m)**
(e) *familiares* **(1m)**

**C. 4** **(2+2+2 mharc) + (2+2+2 mharc) + (3 mharc) = 15 mharc**

(a) **Trí cinn** díobh seo:

- carr seanré atá ann
- thóg sé [nó is é a gcomrádaí taistil a bhí i gceist] chuig 5 ilchríoch iad
- ceannaíodh é trí sheans sular fhág siad an Airgintín
- tá athruithe beaga déanta acu air le himeacht na mblianta
- tá gach rud ann a bhíonn de dhíth orthu
- tá bosca mór leabhar ar an suíochán cúil do na leanaí
- trunc ollmhór do chluichí, earraí cistine agus an leabhar (*Atrapa tus sueños*) a scríobh na tuismitheoirí. **(2+2+2m)**

(b) **Trí cinn** díobh seo:

- staidéar ar maidin (gnáthamh beag a chuireann Candelaria i bhfeidhm)
- Candelaria atá i gceannas ar a gcuid oideachais.
- is í a ullmhaíonn iad do na scrúduithe <u>*nó*</u> bíonn scrúduithe acu gach dhá mhí.
- foghlaim ar bhealach praiticiúil e.g. tá siad líofa sa Bhéarla agus sa Spáinnis
- foghlaim faoi chultúir éagsúla/modhanna maireachtála éagsúla trí bhualadh le daoine ar fhan siad leo. **(2+2+2m)**

Is iad sin na stadanna deiridh san eachtra roimh fhilleadh abhaile / ar an Airgintín dóibh. **(3m)**

**ROINN B Ceist 5** **IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le Marcáil C.5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Roinnt ábhair neamhábhartha | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha | **0 – 8 marc** |

**2. TEANGA** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmad litrithe / gramadaí | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh na bhfocal<br>Formhór na mbriathra mícheart<br>Cuid mhór dearmad litrithe | **0 – 8 marc** |

**Tabhair faoi deara:**
**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1,**
**(i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

| **ROINN C** | **IOMLÁN NA MARCANNA: 50** |
|---|---|

**Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C**

- Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a) **agus** (b) de Cheist 1 **nó** Ceist 2 trí dhearmad, caithfear **an dá cheann** a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh **agus sin amháin.**
- Ba chóir neamhaird a dhéanamh de mhion-dearmaid (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht').
- Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.

Tabhair faoi deara: Maidir le haon chuid den scríbhneoireacht ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.

Ceist 1: Agus an cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**Ceist 1 (a)** **COMHRÁ A CHUMADH** **30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6m = 30 marc)**

*NÓ*

**Ceist 1 (b)** **LITIR / R-PHOST** **30 marc**

- Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6m = 30 marc)**
- Tabhair ar aird gur chóir go mbeadh gach pointe *forbartha* agus *leathnaithe.*
- Is féidir an litir / r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.
- Táthar ag súil le sainréim teanga cheart agus leagan amach foirmiúil ceart maidir leis an litir / r-phost chun iomlán na marcanna a ghnóthú.

Critéir do Cheist **1 (a) COMHRÁ** agus **(b) LITIR**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar.)**

| | |
|---|---|
| **6 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Leibhéal maith sa stór focal. |
| **4 - 5 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór.<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| **2 - 3 mharc:** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| **1 mharc:** | Cuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| **0 marc:** | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**Ceist 2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad.

**(4 x 5m = 20 marc)**

***NÓ***

**Ceist 2 (b)** **NÓTA** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **5** mharc an ceann. **(4 x 5m = 20 marc)**

<u>Critéir do Cheist **2 (a) DIALANN** agus **(b) NÓTA**</u>

**IOMLÁN NA MARCANNA: 20 MARC (Marcáiltear gach pointe ina aonar.)**

| | |
|---|---|
| **5 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Na briathra ceart |
| **4 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal sách maith sa stór focal<br>Na briathra ceart ar an iomlán |
| **3 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>D'fhéadfadh go mbeadh cuid mhór earráidí ann |
| **2 mharc** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Cuid den stór focal i gceart<br>Tá cuid mhór earráidí ann |
| **1 mharc** | Méid an-bheag den teachtaireacht curtha in iúl |
| **(0 marc)** | Níor cuireadh an teachtaireacht in iúl |

**AGUISÍN A hAON**

**SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE**

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht fhisiceach*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacracht foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air/ agus an seiceálaí seo ar siúl).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**AN SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE A CHUR I BHFEIDHM**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA**

Is i nGaeilge atá an chuid seo den pháipéar agus, dá bhrí sin, níl aon treoracha speisialta i bhfeidhm mar ní ghearrtar pionós ar mhílitriú ná ar earráidí gramadaí sa scéim marcála chaighdeánach.

**ROINN A**

<u>Rogha Litríochta</u>
C.1 Ceadaigh idir 1 agus 3 mharc

<u>Téacs Iriseoireachta</u>
C.2 Ceadaigh idir 1 agus 4 mharc
C.4 Ceadaigh mílitriú. Déan neamhaird d'aimsir mhícheart / ainmní mícheart le briathra. Mar sin féin, is gá a bheith intuigthe le haghaidh iomlán na marcanna

<u>Trialacha Tuisceana Gearra</u>
Níl aon treoracha speisialta anseo. Mar an gcéanna leis an Triail Chluastuisceana

**ROINN B**

C. 1. Ceadaigh idir 1 agus 3 mharc
C. 3. Ceadaigh mílitriú, inscne mhícheart, an t-alt nó réamhfhocal a bheith ann nó in easnamh nuair nár cheart
C. 5. <u>Alt tuairimíochta</u>

*Cumarsáid:*
Ná lig do mhílitriú ná d'earráidí gramadaí dul i gcion ar an marc anseo. Mar sin féin, is gá a bheith intuigthe

*Teanga:*
Bronn marcanna ar stór focal agus ar chora cainte.
Déan neamhshuim de mhílitriú, inscne mhícheart nó aimsir / pearsa mhícheart i gcás briathra.

**ROINN C**

Bronn marcanna ar stór focal agus ar chora cainte den chuid is mó sa roinn seo ar fad. Amhail na freagraí eile sa sprioctheanga, ní ghearrfar pionós ar litriú ná ar ghnéithe den ghramadach amhail foircinn briathra agus aontú aidiachtaí.

Leathanach Bán